2022. S74T

2022J220C1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí, 2022

# Oideachas Reiligiúnach

## Comhleibhéal

Dé Céadaoin, 8 Meitheamh Tráthnóna 1:30 - 3:30

360 marc

**Scrúduimhir**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

**Lá agus Mí do Bhreithe**

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |

Cuirtear 3 Feabhra isteach, mar shampla, mar 0302

**Stampa an Ionaid**

**Don Scrúdaitheoir amháin**

| | | | |
|---|---|---|---|
| C 1 | | C 9 | |
| C 2 | | C 10 | |
| C 3 | | C 11 | |
| C 4 | | C 12 | |
| C 5 | | C 13 | |
| C 6 | | C 14 | |
| C 7 | | C 15 | |
| C 8 | | | |

**Don Scrúdaitheoir amháin**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Iomlán na n-Iomlán bun leathanaigh. | | **Marc ar an bPáipéar** | |
| Nóta: Ní mór don mharc thuas a bheith cothrom leis an marc sa bhosca 'Marc ar an bPáipéar' thall. | | **Grád** | |

## Treoracha

Tá **trí** roinn sa pháipéar seo.

| | | |
|---|---|---|
| Roinn A | 120 marc | 5 cheist |
| Roinn B | 120 marc | 5 cheist |
| Roinn C | 120 marc | 5 cheist |

Freagair gach ceist.

Níl gach ceist ar cómharc.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó dubh.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá curtha ar fáil sa leabhrán seo. Tá spás i gcomhair obair bhreise i ndeireadh Roinn A, Roinn B agus Roinn C sa leabhrán. Lipéadaigh aon obair bhreise den chineál sin go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Má scríobhann tú aon rud taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir é.

Ní mór duit an leabhrán scrúdaithe seo a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe.

| Roinn A | 120 marc |
|---|---|

**Ceist 1**

Léigh an cuntas thíos faoi shearmanas pósta lánúine agus freagair an cheist ina dhiaidh.



Nuair a bhí ár bpósadh á phleanáil againn, bhíomar ag iarraidh go mbeadh brí phearsanta ag an searmanas dúinn. Is aoibhinn leis an mbeirt againn an fharraige, mar sin phósamar ar thrá. Ag cur le traidisiún teaghlaigh, bhí gúna bán agus filleadh beag breacáin againn. Bhaineamar úsáid as na dathanna is fearr linn sna bláthanna agus i ngúnaí na gcailíní coimhdeachta a roghnaíomar. Agus tús á chur leis an searmanas, roinneamar sleachta agus amhráin a thaitníonn go mór linn. Ansin thugamar fáinní dá chéile a dhearamar agus a rinneamar féin chun ár ngrá agus aontacht shíoraí a léiriú. Cheanglaíomar ár lámha le chéile freisin i snaidhm an iascaire, ach a gceanglaítear í ní bhriseann sí ach éiríonn níos láidre faoi bhrú. Chríochnaíomar an searmanas le gníomhaíocht 'cumasc gainimh'. Dhoirt na haíonna an gaineamh isteach i bpróca mór agus mheascamar le chéile é. Bhuail gach duine bosa agus an próca á líonadh againn, agus mhothaíomar go mór go raibh ár gcairde agus ár dteaghlaigh ar fad ag seasamh linn agus ag tacú lenár bpósadh. Ansin, chuamar go dtí an oifig chlárúcháin, áit ar shíníomar an páipéarachas le bheith pósta go dleathach.

Ón léamh a rinne tú ar an gcuntas thuas, mínigh cad is brí le rud nó gníomh **amháin** a d'úsáid an lánúin seo ina searmanas pósta óna bhfuil sa bhosca thíos:

| Bláthanna | Lámha a Cheangal | Fáinní | Cumasc Gainimh | Filleadh Beag Breacáin | Gúna Bán |
|---|---|---|---|---|---|

| |
|---|
| Rud/ Gníomh: |
| Brí: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

leathanach


**Ceist 2**

**(a)** Bíonn bealaí difriúla ag daoine le himeachtaí a chomóradh ón am atá thart ...













Samhlaigh go bhfuil tú ag cuidiú le cara chun imeacht atá tábhachtach dó/di ón am atá thart a chomóradh. Luaigh deasghnáth nó siombail **amháin** a d'fhéadfaí a úsáid chun imeacht i saol duine san am atá thart a chomóradh agus mínigh an bhrí a bhaineann leis.

| |
|---|
| Imeacht Saoil: |
| Deasghnáth/Siombail: |
| |
| |
| |
| Brí: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(b)** Tabhair cúis **amháin** a n-úsáideann daoine deasghnátha nó siombailí chun imeachtaí saoil san am atá thart a chomóradh.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

| roimhe | leathanach | rith |
|---|---|---|
| | | |

| |
|---|
| |
| |
| |


**Ceist 3**



**A** Bodh Gaya




**B** Canán




**C** Gleann na hIondúise



**D** Iarúsailéim



**E** Meice

Meaitseáil ceann **amháin** de na háiteanna sna pictiúir thuas le scéal bunaidh reiligiúin amháin ón liosta seo: Búdachas, an Chríostaíocht, Hiondúchas, Ioslam, Giúdachas.

| Áit<br>(Scríobh an litir thíos d’áit atá tugtha thuas) | Reiligiún |
|---|---|
| | |

| roimhe | leathanach | rith |
|---|---|---|
| | | |

**Ceist 4**

**(a)**

Abrahám **A** | Íosa Nazórach **B** | Mahamad **C** | Siddartha Guatama **D** | Na Seacht Rishi **E**

Meaitseáil duine nó grúpa **amháin** ainmnithe thuas leis an reiligiún is mó a bhfuil ceangal acu leis ón liosta seo: Búdachas, an Chríostaíocht, Hiondúchas, Ioslam, Giúdachas.

| Duine/Grúpa (Scríobh an litir thíos don duine nó don ghrúpa atá ainmnithe thuas) | Reiligiún |
|---|---|
| | |

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar an tslí ar ghlac duine nó grúpa daoine ról i scéal bunaidh ceann **amháin** de na reiligiúin seo:



Búdachas | An Chríostaíocht | Hiondúchas | Ioslam | Giúdachas

| |
|---|
| Reiligiún: |
| Ainm an Duine/an Ghrúpa: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

| roimhe | leathanach | rith |
|---|---|---|
| | | |

**Ceist 5**

Déan cur síos ar shampla den tslí a ndéanann daoine creidmheacha an lae inniu imeacht a chomóradh as scéal bunaidh ceann **amháin** de na reiligiúin seo:

Búdachas An Chríostaíocht Hiondúchas Ioslam Giúdachas











Reiligiún:

| roimhe | leathanach | rith |
|---|---|---|
| | | |

Spás roghnach scríbhneoireachta i gcomhair Roinn A.
Lipéadaigh gach píosa oibre go soiléir le huimhir agus le cuid na ceiste.

| roimhe | leathanach | rith |
|---|---|---|
| | | |

Spás roghnach scríbhneoireachta i gcomhair Roinn A.
Lipéadaigh gach píosa oibre go soiléir le huimhir agus le cuid na ceiste.

| roimhe | leathanach | rith |
|---|---|---|
| | | |

| Roinn B | 120 marc |
|---|---|

**Ceist 6**

**(a)**

Cad a tharlaíonn nuair a fhaighimid bás?










Cén fáth a saolaítear muid?

Conas is féidir linn teacht ar fhíorshonas?

Cén fáth a dtarlaíonn drochrudaí do dhaoine?

Rianaigh conas a d'fhéadfadh teagasc **ceann** de na reiligiúin seo tionchar a imirt ar fhreagra creidmhigh ar cheist faoi bhrí na beatha: Búdachas, an Chríostaíocht, Hiondúchas, Ioslam, Giúdachas.



| |
|---|
| Reiligiún: |
| Ceist: |
| |
| Freagra: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(b)** Cad atá i gceist le saol maith morálta a chaitheamh? Tabhair breac-chuntas ar conas a fhreagrófaí an cheist seo ó thaobh dearcadh neamhreiligiúnach.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

| roimhe | leathanach | rith |
|---|---|---|
| | | |

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**Ceist 7**

**(a)** Meaitseáil **gach** ceann de na creidiúintí reiligiúnacha thíos leis an reiligiún is mó a bhfuil ceangal acu leis ón liosta seo: Búdachas, an Chríostaíocht, Hiondúchas, Ioslam, Giúdachas.




| Creidiúintí Reiligiúnacha | Reiligiúin |
|---|---|
| Moksha | |
| An tAiséirí | |
| An Conradh | |
| Na Ceithre Fhírinne Thriathacha | |
| An Shahada/ Shahadah | |

**(b)** Déan cur síos ar shampla den chaoi a n-imríonn creidiúint reiligiúnach tionchar ar ghnáthshaol laethúil na mball i gceann **amháin** de na reiligiúin seo:

Búdachas  An Chríostaíocht  Hiondúchas  Ioslam  Giúdachas

| Reiligiún: |
|---|
| Creidiúint Reiligiúnach: |
| |
| |
| Tionchar: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

| roimhe | leathanach | rith |
|---|---|---|
| | | |

**Ceist 8**

**(a)**



**A** Ardeaglais



**B** Mandir



**C** Mosc



**D** Sionagóg



**E** Vihara

Meaitseáil ceann **amháin** de na foirgnimh sna pictiúir thuas leis an reiligiún is mó a bhfuil ceangal aige leis ón liosta seo: Búdachas, an Chríostaíocht, Hiondúchas, Ioslam, Giúdachas.

| Foirgneamh Reiligiúnach<br>(Scríobh an litir thíos don fhoirgneamh ainmnithe thuas) | Reiligiún |
|---|---|
| | |

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar conas is féidir creidiúint reiligiúnach na mball a fheiceáil i ngné d'fhoirgneamh ina n-adhrann baill de cheann **amháin** de na reiligiúin seo thíos:



Búdachas An Chríostaíocht Hiondúchas Ioslam Giúdachas

| |
|---|
| Reiligiún: |
| Foirgneamh Reiligiúnach: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

| roimhe | leathanach | rith |
|---|---|---|
| | | |

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**Ceist 9**

Léigh na tuairiscí thíos ó dhaoine a chuireann síos ar a gcúiseanna le cuairt a thabhairt ar abhainn na Gainséise agus freagair an cheist ina ndiaidh.



Domsa, mar Hiondúch, is áit bheannaithe í seo agus taistealaím anseo gach bliain chun mé féin a fholcadh san abhainn. Guím agus mé ag dul isteach in abhainn na Gainséise go nglanfaidh na huiscí naofa seo mo pheacaí. Sula bhfágaim an Ghainséis, líonaim buidéal beag le huisce naofa le tabhairt abhaile liom agus le roinnt le mo chairde nach raibh in ann an turas a dhéanamh.



Bhíos ar cuairt san áit seo, agus chonaiceas na céadta duine bailithe ar bhruach na habhann. Bhí bláthanna dathgheala á gcóiriú acu timpeall ar choinneal bheag i gcoimeádáin agus á gcur san uisce. Bhí roinnt daoine ag urnaí go ciúin agus iad ag féachaint ar na coinnle ar snámh síos an abhainn.

D'iarr m'uncail orm dul go dtí abhainn na Gainséise agus a luaithreach a scaipeadh. Mar Hiondúigh, creidimid go seasann an Ghainséis don bheatha gan chríoch agus go saorfaí a anam ach a luaithreach a scaipeadh anseo. Mar sin, ag cur lena mhianta, shuigh mé ar bhruach na habhann agus dúirt mé sleachta as na scrioptúir Hiondúcha agus a luaithreach á scaoileadh isteach san uisce agam.

Ón léamh a rinne tú ar na tuairiscí thuas, críochnaigh na habairtí seo thíos agus bain úsáid as na focail ón mbosca a leanas. Tá abairt amháin comhlánaithe mar shampla duit.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Luaithreach | Coinnle | Críoch | ~~Scrioptúir Hiondúcha~~ | Na hUiscí Naofa |

| |
|---|
| Suíonn Hiondúigh ar bhruach na habhann agus sleachta á rá acu as na … Scrioptúir Hiondúcha. |
| Téann Hiondúigh go dtí abhainn na Gainséise chun seo a scaipeadh … |
| Seasann an Ghainséis don bheatha gan … |
| Bhí na daoine ag urnaí go ciúin agus iad ag féachaint ar na … |
| Creideann Hiondúigh go ndéanfar a bpeacaí a ghlanadh leis … |

| roimhe | leathanach | rith |
|---|---|---|
| | | |

## Ceist 10

**(a)** Is ionad adhartha í abhann na Gainséise do Hiondúigh sa lá atá inniu ann.
Déan cur síos ar shampla den slí a n-adhrann creidmhigh in áit **eile** ar domhan a bhaineann le ceann **amháin** de na reiligiúin seo:



Búdachas  An Chríostaíocht  Hiondúchas  Ioslam  Giúdachas

| |
|---|
| Reiligiún: |
| Ionad Adhartha: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(b)**



**A** Ár nAthair/ Paidir an Tiarna




**B** Puja (Púiseá)



**C** Urnaí an Tearmainn



**D** Salat



**E** Seama

Meaitseáil ceann **amháin** de na samplaí d'urnaí/paidir thuas leis an reiligiún is mó a bhfuil ceangal aici leis ón liosta seo: Búdachas, an Chríostaíocht, Hiondúchas, Ioslam, Giúdachas.

| Urnaí/Paidir<br>(Scríobh an litir thíos don sampla urnaí atá tugtha thuas) | Reiligiún |
|---|---|
| | |

| roimhe | leathanach | rith |
|---|---|---|
| | | |

Spás roghnach scríbhneoireachta i gcomhair Roinn B.
Lipéadaigh gach píosa oibre go soiléir le huimhir agus le cuid na ceiste.

| roimhe | leathanach | rith |
|---|---|---|
| | | |

Spás roghnach scríbhneoireachta i gcomhair Roinn B.
Lipéadaigh gach píosa oibre go soiléir le huimhir agus le cuid na ceiste.

| roimhe | leathanach | rith |
| --- | --- | --- |
| | | |

## Roinn C 120 marc


**Ceist 11**

Léigh an scéal thíos agus freagair an cheist ina dhiaidh.

Bhí feirm i bpáirt ag beirt deartháireacha, Micheál agus Seán. Bhí Micheál pósta agus seachtar páistí aige. Bhí Seán ina chónaí leis féin, mar nach raibh bean chéile ná páistí aige. D'oibrigh na deartháireacha go dian ar an talamh agus gach bliain rinne siad an t-arbhar a bhí bainte acu a dheighilt in dhá scioból ar leith.

Oíche amháin, rith sé le Seán: 'Níl sé ceart an t-arbhar a bheith á dheighilt go cothrom againn. Tá níos mó ag teastáil ó Mhicheál chun a chlann a chothú. Ní gá domsa ach aire a thabhairt dom féin. Is féidir liomsa maireachtáil le níos lú.' Gach oíche, thóg Seán arbhar óna scioból agus bhog sé é go rúnda go dtí scioból Mhichíl. Ag an am céanna, rith sé le Micheál: 'Tá a lán páistí agam a thabharfaidh aire dom nuair a éirím sean. Ós rud é go bhfuil Seán ina aonar, is gá dó níos mó a shábháil don todhchaí.'

Mar sin, gach oíche thugadh na deartháireacha a n-arbhar uathu. Ach, gach maidin fuair siad amach go raibh méadú tagtha ar an méid arbhair ina sciobóil. Níor inis ceachtar de na deartháireacha dá chéile cad a bhí ag tarlú. Ansin, oíche amháin, tar éis míosa nó mar sin, bhuail na deartháireacha le chéile leath bealaigh idir a sciobóil. Thuig siad ar an bpointe cad a bhí ag tarlú agus thug siad barróg dá chéile, agus gáire agus deora ina súile.



**(a)** Mínigh conas is féidir comhbhá a fheiceáil i ngníomhartha na ndeartháireacha mar atá curtha síos sa scéal thuas.

| roimhe | leathanach | rith |
|---|---|---|
| | | |

**(b)** Sampla amháin de chód morálta is ea 'Caith le daoine eile mar ba mhaith leat go gcaithfí leat féin'.

Ainmnigh sampla **eile** de chód morálta a bhfuil ceangal aige le reiligiún ón liosta seo: Búdachas, an Chríostaíocht, Hiondúchas, Ioslam, Giúdachas.

| Cód Morálta | Reiligiún |
|---|---|
| | |


**Ceist 12**

**(a)** Déan cur síos ar shampla den mhéid a theagasctar faoi shaol maith morálta a chaitheamh i gceann **amháin** de na reiligiúin seo a leanas:

Búdachas An Chríostaíocht Hiondúchas Ioslam Giúdachas

| Reiligiún: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar conas a d'fhéadfadh ceann **amháin** díobh seo tionchar a imirt ar thuiscint duine faoi cad atá ceart agus cad atá mícheart. ● Cairde ● Dlíthe ● Na Meáin





| Tionchar: |
|---|
| |
| |
| |

| roimhe | leathanach | rith |
|---|---|---|
| | | |

**Ceist 13**

Léigh an cuntas thíos agus freagair an cheist ina dhiaidh.

Ar Dhomhnach an Chuimhneacháin i mí na Samhna 1987, bhí Gordon Wilson agus a iníon Marie ag seasamh taobh le leacht cuimhneacháin cogaidh nuair a phléasc buama in Inis Ceithleann i dTuaisceart Éireann.  Agus iad ina luí i smionagar na bhfoirgneamh a bhí scriosta ag an bpléasc, rug Gordon greim daingean ar lámh a iníne Marie agus í ag fáil bháis. Níos déanaí an tráthnóna sin nuair a cuireadh agallamh air ar an teilifís, d'iarr sé nach n-imreofaí aon díoltas ar son a báis. Mhínigh sé nach gcothódh sé aon olc ná faltanas, mar nach dtabharfadh sin a iníon ar ais ó na mairbh. Ina ionad sin, dúirt sé go mbeadh sé ag urnaí (guí) gach oíche do na daoine a mharaigh í.




Mínigh conas is féidir an tábhacht a bhaineann le maithiúnas agus athmhuintearas ar domhan a fheiceáil i bhfocail agus i ngníomh Gordon Wilson mar a chuirtear síos orthu thuas.

| roimhe | leathanach | rith |
|---|---|---|
| | | |

**Ceist 14**




Déan cur síos ar shampla de conas is féidir an gá atá ann le maithiúnas agus athmhuintearas a fheiceáil i dteagasc ceann **amháin** de na reiligiúin seo:

Búdachas An Chríostaíocht Hiondúchas Ioslam Giúdachas

Reiligiún:

| roimhe | leathanach | rith |
|---|---|---|
| | | |

**Ceist 15**




**(a)** Glacadh an grianghraf thall de pháirc spóirt scoile ón aer ionas go bhféadfaí a fheiceáil i bhfad i gcéin go raibh na scoláirí ina seasamh le chéile ar bhealach a chruthaigh an focal Béarla ‘PEACE’.

Ainmnigh grúpa/eagraíocht **eile** a bhfuil síocháin agus athmhuintearas á gcur chun cinn aici i saol an lae inniu.



**(b)** Déan cur síos ar **dhá** shampla eile d’obair atá ar bun ag grúpaí/eagraíochtaí chun síocháin agus athmhuintearas a chur chun cinn i saol an lae inniu.

**1.**

**2.**

| roimhe | leathanach | rith |
|---|---|---|
| | | |

Spás roghnach scríbhneoireachta i gcomhair Roinn C.
Lipéadaigh gach píosa oibre go soiléir le huimhir agus le cuid na ceiste.

| roimhe | leathanach | rith |
|---|---|---|
| | | |

Spás roghnach scríbhneoireachta i gcomhair Roinn C.
Lipéadaigh gach píosa oibre go soiléir le huimhir agus le cuid na ceiste.

| roimhe | leathanach | rith |
|---|---|---|
| | | |

Ná scríobh ar an leathanach seo

## Admhálacha

### Íomhánna


Íomhá ar lch 3: https://humanists.uk/ceremonies/real-life-weddings/blog/will-and-katies-humanist-wedding/

Íomhánna ar lch 4: Softkey Multimedia Inc. ISBN0-7630-0064-7

Íomhánna ar lch 5:
An chéad phictiúr: https://www.tripadvisor.ie/ShowUserReviews-g424922-d3619160-r245205098-Bodhi_Tree-Bodh_Gaya_Gaya_District_Bihar.html
An dara pictiúr: https://www. testifygod.org/ Reflections on the Story of Moses.html
An tríú pictiúr: https://www.alamy.com/stock-photo-bullock-cart-from-early-settlements-of-the-indus-valley-civilization-20813932.html?pv=1&stamp=2&imageid
An ceathrú pictiúr: https://www.collinsdictionary.com/dictionary/english/jerusalem
An cúigiú pictiúr: https//www.Britannica.com/topic/ Kaaba-shrine-Mecca-Saudi-Arabi

Íomhá ar lch 6: https://www.pinclipart.com/picdir/middle/35-351922

Íomhánna ar lch 7:
An chéad phictiúr: https://www.pinclipart.com/picdir/middle/35-351922
An dara pictiúr: https://www.bbcgoodfood.com/howto/guide/
An tríú pictiúr: https://www.aa.com.tr/en/pg/photo-gallery/
An ceathrú pictiúr: https://www.irishtimes.com/news/ireland/irish-news
An cúigiú pictiúr: https://www.worldation.com/stories/
An séú pictiúr: https://www. news18.com/photogallery/world/

Íomhánna ar lch 10:
An chéad phictiúr: https://www.wallpaperflare.com/person-covering-face-using-hand-figure question-question-mark-wallpaper-zwjgl
An dara pictiúr: https://www.shutterstock.com/image-illustration/question-mark-3d-gold-yellow-rendering-719478730
An tríú pictiúr: https://upload.wikimedia.org/wikipedia/commons/c/c8/ Question_mark_1.svg
An ceathrú pictiúr: https://metro.co.uk/2018/04/04/religion-followers-worldwide -7440217/

Íomhánna ar lch 11:
An chéad phictiúr:https://newsroom.unl.edu/announce/rso/8756/50468
An dara pictiúr:https://www.pinclipart.com/picdir/middle/35-351922

Íomhánna ar lch 12:
An chéad phictiúr: https://www.tripsavvy.com/saint-patrick-cathedral-1542294
An dara pictiúr: https://www.pilotguides.com/articles/shri-swaminarayan-mandir
An tríú pictiúr: https://www.britannica.com/topic/mosque
An ceathrú pictiúr: https://en.wikipedia.org/wiki/Great_Synagogue_(Plze%C5%88)
An cúigiú pictiúr: https://www.istockphoto.com/photo/brahmavihara-arama-also-known -as-vihara
An séú pictiúr: https://www.pinclipart.com/picdir/middle/35-351922

Íomhánna ar lch 13:
An chéad phictiúr: https://www.istockphoto.com/search/2/image?phrase=ganges+river +bathers
An dara pictiúr: https://www. theoallofs.photoshelter.com/image/I0000rZ9BcxnhnHU

Íomhánna ar lch 14:
An chéad phictiúr: https://www.pinclipart.com/picdir/middle/35-351922
An dara pictiúr: https://www.learnreligions.com/benefits-of-prayer-712616
An tríú pictiúr: https://timesofindia.indiatimes.com/life-style/home-garden/things-you-should-never-keep-in-puja-room/articleshow/65855967.cms
An ceathrú pictiúr: https://contemporarybuddhism.com/universal-refuge-prayer/

| | |
|---|---|
| | An cúigiú pictiúr: https://www.istockphoto.com/search/2/image?mediatype=illustration &phrase=salat<br>An séú pictiúr: https://www.wikihow.com/Observe-Jewish-Morning-Prayers |
| Íomhá ar lch 17: | https://www.masterfile.com/search/en/two+older+brothers+portrait |
| Íomhánna ar lch 18: | An chéad phictiúr: https://www.pinclipart.com/picdir/middle/35-351922<br>An dara pictiúr: https://www.dreamstime.com/right-wrong-depends-signpost-three-arrows-cartoon-character-d-illustration-right-wrong-depends-signpost-three-arrows-image185139470 |
| Íomhá ar lch 19: | https://www.impartialreporter.com/news/15694293 |
| Íomhánna ar lch 20: | An chéad phictiúr: https://www.shutterstock.com/search/forgiveness<br>An dara pictiúr: https://www.pinclipart.com/picdir/middle/35-351922 |
| Íomhá ar lch 21: | An chéad phictiúr: Issues of Justice and Peace ,Veritas lch 40<br>An dara pictiúr: https://saintmarys.edu/study-abroad/art-reconciliation-northern-ireland |

**Texts**

| | |
|---|---|
| Téacs ar lch 3: | Oiriúnaithe ó https://humanists.uk/ceremonies/real-life-weddings/blog/will-and-katies-humanist-wedding/ |
| Téacs ar lch 13: | Oiriúnaithe ó Great Religions of the World, St Mary's Press ISBN:0-88489-175-5; Lch 79 |
| Téacs ar lch 17: | Oiriúnaithe ó An Experience named Spirit by John Shea, The Thomas More Press, Chichago Il.60606 |
| Téacs ar lch 19: | Oiriúnaithe ó https://www. Irishtimes.com/opinion/letters/if-we-are-to-grow-we-must-first-forgive1.1198079 |

Ná scríobh ar an leathanach seo

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra Cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt ina leith, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche measúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir *Alt 53(5) den Acht Um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000.* Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríoch ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí – Comhleibhéal

# Oideachas Reiligiúnach

Dé Céadaoin, 8 Meitheamh
Tráthnóna 1:30 — 3:30